AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán 0035 /2010**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**
**Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais**

# SAOIRE GAN PHÁ DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE I MBUNSCOILEANNA AGUS I SCOILEANNA IARBHUNOIDEACHAIS AITHEANTA

Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ar d'aird na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le saoire gan phá (i.e. tinrimh ócáideacha gearrthéarmacha) a fheidhmiú maidir le múinteoirí cláraithe a mbíonn a bpoist maoinithe ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas. Tá feidhm leis na nósanna imeachta seo maidir le múinteoirí a fhaigheann tuarastal incriminteach faoi chonradh buan, faoi chonradh d'fhad éiginnte (CID), faoi chonradh sealadach lánaimseartha (TWT), faoi chonradh páirtaimseartha rialta (RPT) nó faoi chonradh ar théarma Socraithe mar a shainmhínítear san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003.

Caithfidh gach fostóir na rialacháin agus na nósanna imeachta a fheidhmiú ón 1ú Meán Fómhair 2010 agus ní mór do gach múinteoir cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Gabhann an ciorclán seo in ionad an nós imeachta a leanas a bhí léirithe sa chiorclán bunoideachais 0032/2007

| **SAOIRE PHEARSANTA** |
|---|
| ***Cead Neamhláithreachta Gan Phá*** *– Ní mór go mbeadh an t-iarratas ceadaithe ag an mBord Bainistíochta sé seachtaine roimh an neamhláithreacht* |

agus gach ciorclán, meabhrán, rialacha agus rialacháin roimhe sin i ndáil le saoire gan phá do neamhláithreachtaí ócáideacha gearrthéarmacha maidir le múinteoirí i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna aitheanta. Cinntigh le do thoil go soláthrófar cóip den chiorclán seo chuig gach comhalta den Bhord Bainistíochta/Choiste Gairmoideachais agus go dtabharfar an t-ábhar atá ann ar aird gach múinteoir atá fostaithe agat lena n-áirítear iad siúd ar chead neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an gciorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireann Scoile – Iarbhunoideachas/Bunoideachas – Ciorcláin agus Leabhráin Eolais – Cead Neamhláithreachta.

Ba chóir aon fhiosrúchán maidir leis an gciorclán seo a sheoladh ar ríomhphost chuig teachersna@education.gov.ie

D. Tattan
Príomhoifigeach
An Rannóg Scoileanna
Bealtaine 2010

P. Maloney
Príomhoifigeach
An Rannóg Párolla
Bealtaine 2010

# SAOIRE GAN PHÁ DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE

## 1 Sainmhínithe

D'fhonn cuspóirí an chiorcláin seo, beidh na míniúcháin atá sannaithe dóibh anseo ag na téarmaí a leanas mura léiríonn a gcomhthéacs a mhalairt:

**An Roinn** – An Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Fostóir –** Coiste Gairmoideachais (VEC) i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Coiste Gairmoideachais nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir an fhreagracht maidir le nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo a tharmligean chun Príomhoide na scoile.

**Múinteoir –** duine atá cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta.

**Córas Éilimh Ar Líne (OLCS)** – an córas atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha.

**Scoilbhliain –** mar a shainmhíníonn an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go ham, faoi láthair is ionann an scoilbhliain agus an 1ú Meán Fómhair go dtí an 31ú Lúnasa dár gcionn.

## 2 Polasaí Scoile

2.1 Beidh ar gach fostóir ráiteas polasaí, a fhorbairt agus a choimeád mar chuid de pholasaí foriomlán ar neamhláithreachtaí múinteoirí, a bheidh sonrach do riachtanais údarás na scoile, i ndáil le ceadú saoire gan phá.

2.2 Agus an polasaí seo á dhréachtú, tabharfar tosaíocht thar aon ní eile do riachtanais leasa agus oideachais na ndaltaí agus ba chóir neamhláithreachtaí a choimeád chomh íseal agus is féidir chun nach gcuirfear isteach ar dhualgais teagaisc agus chun leanúnachas a chinntiú do gach dalta a mbítear ag freastal orthu lena n-áirítear seirbhísí mhúinteoir ionaid cláraithe atá láncháilithe agus oiriúnach a chinntiú chun dul i mbun na ndualgas más gá.

2.3 Níor chóir saoire gan phá a bhreithniú ach in imthosca eisceachtúla agus sin amháin, sa chás go mbíonn an fostóir sásta go bhfuil oibleagáid doshéanta i gceist maidir leis an neamhláithreacht ó dhualgas. Níor chóir neamhláithreachtaí faoin gceannteideal seo a úsáid chun ionadú a dhéanamh ar chineálacha eile saoire, reachtúil nó eile agus níor chóir go mbeadh sin ag síortharlú.

## 3 Fad Saoire Gan Phá

3.1 Is ionann an uasmhéid de shaoire gan phá a fhéadfar a thógáil agus 10 lá scoile i scoilbhliain. Íocfaidh an Roinn an ionadaíocht.

## 4 Eile

4.1 Is ionann neamhláithreacht do chuid de lá scoile agus neamhláithreacht do lá scoile iomlán.

4.2 Beidh feidhm le teidlíochtaí pro-rata maidir le neamhláithreachtaí faoin gciorclán seo le múinteoirí a bhíonn fostaithe go páirtaimseartha.

4.3 Déileálfar le haon neamhláithreacht gan phá nach bhfaigheann ceadú ón bhfostóir faoi nósanna imeachta smachta.

4.4 Beidh ar an bhfostóir fógra de gach saoire gan phá a sheoladh chuig an Roinn (via an Córas Éilimh Ar Líne)/an gCoiste Gairmoideachais cibé ar fostaíodh múinteoir ionadaíoch nó nár fostaíodh. Cuirfear iarratas ar shaoire gan phá isteach ar an gcóras OLCS chomh luath agus is féidir tar éis iad a bheith ceadaithe ag an bhfostóir lena chinntiú go ndéanfar na hasbhaintí ó phá ag an tráth ceart. Ba chóir a thabhairt ar aird nach féidir neamhláithreacht ar shaoire gan phá a athrú tar éis sin a bheith próiseáilte ar an OLCS.

4.5 Ní chuirfidh neamhláithreachtaí faoin gceannteideal seo isteach ar theidlíochtaí faoi Shaoire Reachtúil.

4.6 Ní féidir múinteoir a bhíonn as láthair ar shaoire gan phá a fhostú in aon bhunscoil nó in aon scoil dara leibhéal aitheanta chun dul i mbun teagaisc in aon acmhainn ná chun dul i mbun dualgais chúntóir riachtanas speisialta.